
An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Ráiteas Straitéise
2023 - 2025





**Clár an Ábhair**

Réamhrá ón Aire .......... 3

Réamhfhocal ón Aire Stáit le freagracht as Spórt agus Corpoideachas .......... 5

Réamhrá ó Aire Stáit na Gaeltachta .......... 6

Réamhrá ón Ard-Rúnaí .......... 7

Ár Misean .......... 8

Ár Luachanna .......... 10

Áisitheoirí leis na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn a bhaint amach .......... 10
- (i) Comhthéacs na Státseirbhíse .......... 10
- (ii) Comhthéacs na Roinne .......... 11

Ceisteanna Trasghearrtha níos Ginearálta .......... 12
- Clár an Rialtais - Ár dTodhchaí le Chéile .......... 12
- Tionscadal Éireann 2040 .......... 12
- An tAthrú Aeráide agus Gníomhú ar son na hAeráide .......... 13
- Forbairt Inbhuanaithe .......... 14
- An Timpeallacht Eacnamaíoch .......... 14
- Achtanna na dTeangacha Oifigiúla .......... 15
- An Breatimeacht .......... 15

Ár Spriocanna a Bhaint Amach .......... 16

Aguisín .......... 41
- Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne .......... 41

*Taispeántas Sarah Pierce ag IMMA*



# Réamhrá ón Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise 2023-2025 seo don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tugtar achoimre sa straitéis seo ar an gclár oibre atá le déanamh ag mo Roinn féin sna trí bliana atá le teacht chun cur le caighdeán na beatha in Éirinn agus muid ag tacú chun an turasóireacht, cultúr, na healaíona, spórt, na meáin agus an Ghaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tá luach nach beag ag baint leis na hearnálacha seo ar fad astu féin agus, maille leis sin, tá meas ag pobail ar fud an náisiúin orthu. Tá áit lárnach acu ó thaobh sláinte coirp agus meabhairshláinte gach duine againn.

Leis an Ráiteas Straitéise seo, beimid dírithe fós ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar fholláine an duine agus an phobail. Déanfaimid an mealladh atá in Éirinn a láidriú mar cheannphointe don turasóireacht agus don infheistíocht inbhuanaithe isteach.



Tá baint idir na hearnálacha éagsúla seo a bhfuil tábhacht eacnamaíoch leo in Éirinn. Gineann siad tuilleamh baile agus easpórtála agus fostaíonn siad daoine ar fud na tíre. Tá béim ar leith sa Roinn ar thacú le hearnáil na meán ionas go mbeidh saoirse, iolrachas agus éagsúlacht le fáil san earnáil ina gcuirtear buanna cruthaitheachta na hÉireann os comhair an phobail agus, san am céanna, atá inbhuanaithe ó thaobh comhshaoil agus airgeadais de. Tá tábhacht faoi leith ag baint le hidirlíon atá sábháilte agus oscailte le go mbeidh pobail in ann teagmháil a dhéanamh gan stró, ábhar a chruthú i gcomhar a chéile agus saol gach duine a shaibhriú. Leis sin a bhaint amach, caithfear córas na meán in Éirinn a rialú ar bhealach nua-aimseartha leis an tsábháilteacht ar líne a dheimhniú. Maidir leis an gcruthaitheacht faoi leith sin atá ina léiriú bunúsach ar an bhféiniúlacht atá againn mar náisiún, tabharfaidh mo Roinn tacaíocht ina leith agus déanfaidh an chruthaitheacht sin a fhorbairt. Tabharfaidh an Roinn tacaíocht mar an gcéanna d'úsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann agus béim faoi leith á cur ar úsáid na teanga a neartú i bpobail na Gaeltachta.

Agus paindéim COVID-19 thart, glacfaidh mo Roinn cur chuige réamhghníomhach fós chun tacú le téarnamh agus forbairt na n-earnálacha atá faoina cúram ina bhfuil na céadta míle saoránach fostaithe ar fud na tíre. Beidh mo Roinn féin ag tacú ar bhonn leanúnach leis na forais chultúrtha, le hamharclanna, le tionscal na turasóireachta, le himeachtaí spóirt agus le pobail na Gaeltachta.

Leis an Ráiteas Straitéise seo, déanfar a chinntiú go mbeidh tacaíocht ann don fhás inbhuanaithe

agus go ndéanfar an fás sin a chothú mar bhonn faoin gcomhtháthú sóisialta. San am céanna, beifear ag tacú le pobail agus á saibhriú ar fud na hÉireann. Beidh béim faoi leith ar spriocanna trasghearrtha: an comhionannas, an éagsúlacht, an t-ionchuimsiú sóisialta, an Ghaeilge agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil. Tá saibhreas ag baint leis an turasóireacht, cultúr, na healaíona, an spórt, na meáin agus an Ghaeilge a chuireann leis an bhfolláine go ginearálta i saol an uile lae agus, thairis sin, tá luach suntasach eacnamaíoch ag baint leo mar chúiseanna a fhágann gur áit tharraingteach atá anseo don obair, don staidéar agus mar cheannphointe turasóireachta ar leith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach leis an Straitéis seo a fhorbairt, go háirithe lucht bainistíochta agus baill foirne na Roinne seo agus an pobal páirtithe leasmhara atá againn. Táim féin agus mo chomhghleacaithe aireachta, Thomas Byrne T.D. agus Patrick O'Donovan T.D., ag súil le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara leis an obair thábhachtach seo a chur chun cinn ar mhaithe le daoine agus pobail ar fud na hÉireann sna blianta atá le teacht.

**Catherine Martin, T.D.**
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán



*Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag tacú lenár n-institiúidí cultúrtha agus amharclanna, tionscal turasóireachta, gníomhaíochtaí spóirt agus pobail Ghaeltachta*



# Réamhfhocal ón Aire Stáit le freagracht as Spórt agus Corpoideachas

Mar an tAire Stáit le freagracht as Spórt agus Corpoideachas, cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo.

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá sa Straitéis seo ná forbairt na hearnála Spóirt a neartú sna trí bliana atá le teacht. Tá an-tábhacht leis an spórt dár bhfolláine coirp agus intinne. Tugann spórt tuiscint ar an dúchas agus muintearas don duine agus ardán coiteann atá ann le pobail a tharraingt le chéile. Tá lúthchleasaithe na hÉireann tar éis na caighdeáin is airde a bhaint amach ar an stáitse idirnáisiúnta i gcineálacha éagsúla spóirt le bliain anuas. Cuirfidh mo Roinn leibhéil níos airde rannpháirtíochta chun cinn i gcónaí, agus béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban, an méid sin á threorú ag na bunphrionsabail den chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.



Clár idirghabhálacha a éascú agus a chumasú chun leibhéil rannpháirtíochta a neartú i measc daoine atá faoi mhíchumas agus daoine ó phobail faoi mhíbhuntáiste a bheidh mar phríomhchúram fócais sna blianta atá le teacht.

Mar thoradh ar chomhoibriú le Spórt Éireann agus comhlachtaí spóirt, agus Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 á chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, déanfar a chinntiú go bhfaighidh lúthchleasaithe agus foirne an leibhéal cuí tacaíochta le barr a gcumais a bhaint amach. Foilseofar Straitéis Náisiúnta Snámha chuimsitheach in 2023 freisin a bheidh dírithe ar an mbealach chun deis snámha a chur ar fáil do gach duine in Éirinn.

Agus muid ag obair le Spórt Éireann, leanfaidh muid ar aghaidh ag cur fhorbairt Champas Náisiúnta Spórt de chuid Spórt Éireann chun cinn. Chomh maith leis sin, foilseoidh muid Polasaí agus Straitéis Mhórimeachtaí Spóirt Idirnáisiúnta, chun na mórimeachtaí spóirt ar féidir agus ar cheart dúinn tairiscint a dhéanamh orthu a aithint, ar mhaithe le rannpháirtíocht sa spórt a mhéadú.

Freisin leanfaidh muid ar aghaidh ag cur tacaíocht Rialtais ar fáil le haghaidh forbartha ar áiseanna spóirt agus siamsaíochta, chomh maith le treallamh spóirt neamhphearsanta, ar fud na tíre le maoiniú curtha ar fáil faoin gClár Caipitil agus Treallaimh Spóirt agus an Ciste d'Infreastruchtúir Spóirt ar Mhórscála.

I rith na tréimhse seo, tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair go dlúth leis an Aire Catherine Martin T.D. agus leis an Aire Patrick O'Donovan T.D., le chéile leis an Ard-Rúnaí agus foireann na Roinne agus na forais spóirt agus páirtithe leasmhara spóirt ar fud na tíre, chun na gealltanais seo a chomhlíonadh agus saol ár bpobal agus ár saoránach a shaibhriú.

**Thomas Byrne T.D.**
An tAire Stáit le freagracht as Spórt agus Corpoideachas

# Réamhrá ó Aire Stáit na Gaeltachta

Mar an tAire Stáit a bhfuil freagracht speisialta orm as an nGaeltacht, cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise 2023-2025 seo don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Príomhsprioc atá agam ná tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann agus úsáid na teanga a láidriú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht. Aithním gur gné bhunúsach i gcreatlach Stát na hÉireann atá sa Ghaeilge agus gur acmhainn nádúrtha atá inti ar chóir í a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe le leas sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch phobail na Gaeltachta.



Chun an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga phobail agus tí i réigiúin na Gaeltachta agus chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú iontu, tá sé ríthábhachtach go leantar ar aghaidh le comhordú a dhéanamh ar Straitéis 20 Bliain 2010-2030 don Ghaeilge. Sna blianta atá amach romhainn beifear ag obair ar an gcéad phlean ilbhliantúil eile a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun tacú níos mó leis an straitéis.

Déanfar cinnte leis na spriocanna uaillmhianacha seo go mbeidh áit lárnach ann dár dteanga náisiúnta, agus tá mé ag súil go mór lena bheith ag obair leis an Aire Catherine Martin T.D. agus leis an Aire Thomas Byrne T.D., le chéile leis an Ard-Rúnaí agus foireann mo Roinne, agus na forais Ghaeilge agus Ghaeltachta faoina coimirce chun na spriocanna seo a bhaint amach.

**Patrick O'Donovan T.D.**
Aire Stáit na Gaeltachta



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Cúis sásaimh dom Ráiteas Straitéise 2023-2025 don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chur in bhur láthair.

Tá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo an misean agus na spriocanna straitéiseacha a dhéanfaidh obair na Roinne a stiúradh sna blianta atá le teacht. Bhí deis ann tionchar agus treo ár saothair a mheas. Táimid tar éis forbairt a dhéanamh air agus muid in ann leas a bhaint as réimse leathan ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus an comhairliúchán poiblí ar bun. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a rinne aighneachtaí.



Maidir leis na cúraimí atá orainn, tá an Roinn bródúil as iad a mhaoirsiú agus as bheith freagrach astu ó thaobh beartais de: ceannphointí turasóireachta na hÉireann, na healaíona agus cultúr, an Ghaeilge, an spórt, pobail faoi leith na Gaeltachta agus na hearnálacha craoltóireachta agus meán – iad a chosaint, a fhorbairt agus a chur os comhair an phobail. Táimid tiomanta i dtaobh iarracht a dhéanamh spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, ár ngealltanas i gClár an Rialtais – Ár dTodhchaí Le Chéile ina measc. Tá na hearnálacha atá faoi chúram na Roinne seo freagrach as beartas a fhorbairt agus seirbhísí a sholáthar i réimsí éagsúla a imríonn tionchar cáilíochtúil ar shaol saoránach. Leanfaimid ar aghaidh ag plé le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal chun comhairliúchán a dhéanamh le beartas agus seirbhísí a fhorbairt ar mhaithe le pobail agus daoine aonair ar fud na tíre.

Agus na hearnálacha turasóireachta, cultúir, ealaíon, Gaeltachta, spóirt agus meán fós ag téarnamh tar éis phaindéim COVID-19, is é is aidhm don straitéis seo na nithe seo a chinntiú: go mbeidh tionscal dinimiciúil turasóireachta againn fós; go mbeidh earnáil ealaíon agus cultúir againn ina léireofar an oidhreacht chultúrtha agus an chruthaitheacht in Éirinn; go mbeidh earnálacha fadréimseacha spóirt agus meán againn bunaithe ar an bpobal agus ar an nascacht; agus tírdhreach nua-aimseartha ina mbeidh an Ghaeilge ag forbairt i rith an ama.

Tá cultúr na hÉireann fíorthábhachtach agus Éire á cur i láthair mar cheannphointe turasóireachta. Beidh an Roinn ag obair go dlúth le gnólachtaí agus le gníomhaireachtaí Stáit chun Éire a chur chun cinn i measc daoine thar lear a thabharfadh cuairt ar an tír. Tabharfar tacaíocht le turasóireacht a fhorbairt in Éirinn.

Tá leagtha amach sa Straitéis seo spriocanna ardleibhéil na Roinne don tréimhse atá le teacht, taobh leis na straitéisí agus torthaí a úsáidfimid chun na spriocanna sin a bhaint amach agus na dea-thorthaí a bheimid ag iarraidh bhaint amach. Beidh na spriocanna, straitéisí, aschuir agus torthaí ardleibhéil atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo á léiriú sna pleananna gnó agus pleananna oibre a bheidh ag baill foirne na Roinne. Mar sin, beidh tuiscint shoiléir ag gach ball foirne ar an tábhacht a bhaineann lena ról agus leis an méid a dhéanfaidh siad féin leis na spriocanna seo a bhaint amach.

**Katherine Licken**
Ard-Rúnaí

# Ár Misean

## Chun forbairt inbhuanaithe na Turasóireachta, na Meán agus na Gaeltachta a threorú agus rannpháirtíocht a chur chun cinn in earnáil an Chultúir, na nEalaíon, an Spóirt agus na Gaeilge, ag tacú le dul chun cinn sóisialta agus fás cultúrtha agus eacnamaíoch a bhreisiú ar fud shochaí na hÉireann

**Is de thoradh na spriocanna ardleibhéil seo a bhaint amach a dhéanfar an Misean a chomhlíonadh:**

Tourism, Tá áit lárnach ag an Turasóireacht, na hEalaíona, an Cultúr, an Ghaeltacht, an Spórt agus na Meáin i sochaí na hÉireann, iad ag tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus ag cur le folláine coirp agus na tsochaí. Féachann an Ráiteas Straitéise seo lena chinntiú go mbeidh earnáil bhríomhar turasóireachta againn; earnáil fhuinniúil ealaíon agus cultúir; earnáil dhinimiciúil spóirt agus meán; agus tírdhreach inar féidir lenár dteanga – agus ár rannpháirteachas léi – fás agus forbairt. Beidh ár n-earnálacha ag obair le chéile chun forbairt níos mó a dhéanamh ar an ról atá acu chun muintearas a fhorbairt, folláine a chothú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i sochaí na hÉireann.

- **Sprioc A –** Tacaíocht a thabhairt chun earnáil iomaíoch Turasóireachta a fhorbairt go hinbhuanaithe agus béim ar leith ar an tacaíocht don fhorbairt chothrom i bpobail ar fud na tíre agus, san am céanna, ár dtimpeallacht agus acmhainní nádúrtha a chosaint.
- **Sprioc B –** Tacú le rannpháirteachas daoine agus pobal, agus é a fhorbairt, leis na healaíona, an cultúr agus an chruthaitheacht, agus iontu, chun leas a bhaint as gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach chun cur le saol daoine; ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud na cruinne; agus Geilleagar Oíche níos bríomhaire agus níos éagsúla a spreagadh



*Ag spreagadh Geilleagair Oíche atá níos bríomhaire agus níos éagsúla*

- **Sprioc C –** Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. Úsáid na Gaeilge a normalú in oibríochtaí na Roinne 6mar eiseamláir do ghníomhaireachtaí stáit eile agus úsáid na teanga a láidriú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht.
- **Sprioc D –** Níos mó rannpháirtíochta sa spórt ag cách a chur chun cinn agus béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus ar an éagsúlacht. San am céanna, infheistíocht leanúnach a dhéanamh in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus imeachtaí móra a chur os comhair an phobail.



- **Sprioc E -** Tacú leis na meáin seirbhíse poiblí agus ábhar seirbhíse poiblí a sholáthar ina léiriú ar an éagsúlacht atá le fáil i sochaí na hÉireann; creat rialála agus forbartha ina mbeifear ag tacú le hearnáil na meán a bheidh saor, iolraíoch, éagsúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; spreagadh a thabhairt chun creat láidir don tsábháilteacht ar líne agus don rialáil dhigiteach a fhorbairt in Éirinn.
- **Sprioc F –** Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn faoi chuimsiú Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Thionscnamh an Rialtais um Oileán Comhroinnte, go háirithe san obair a dhéanann an Foras Teanga agus Turasóireacht Éireann.

Taobh leis na spriocanna atá leagtha amach thuas, táthar tar éis spriocanna ilréimseacha a chur isteach i gcuspóirí na Roinne. Beidh na spriocanna sin á léiriú inár mbeartais agus cláir fad a mhairfidh an Ráiteas Straitéise seo:

- Tacaíocht a chur ar fáil don **Éagsúlacht, Ionchuimsiú Sóisialta** agus **Rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach na mBan** agus iad a chur chun cinn ar fud earnálacha na Roinne agus sa tsochaí i gcomhréir leis na gealltanais i gClár an Rialtais.
- Tionscnaimh i gClár an Rialtais a bhaineann leis an **nGníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht an Chomhshaoil** a chur chun cinn agus beartais a bhaineann leis na réimsí céanna sin a chur chun cinn laistigh den Roinn.
- **Feidhmiú córasach Achtanna na dTeangacha Oifigiúla** a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt ina leith, go háirithe an sprioc earcaíochta go mbeidh Gaeilge mhaith ag 20% acu siúd a earcófar chun na hearnála poiblí faoi dheireadh 2030 i gcomhréir le Clár an Rialtais agus leis na gealltanais a tugadh in Athnuachan na Státseirbhíse 2030.
- Tacú le gníomhaíochtaí sna ealaíona, sa spórt, turasóireacht agus sna meáin in Éirinn ina gcuirtear **Úsáid na Teanga** chun cinn.



*Margaíocht Thurasóireacht Éireann faoi lán seoil in Milan*

# Ár Luachanna

| Tacaíocht earnála – beartais agus scéimeanna | Comhar Inmheánach agus seachtrach | Caiteachas éifeachtach éifeachtúil | Foirne láidre sa Roinn |
|---|---|---|---|
| Cuirfimid comhairle beartais a bheidh oibiachtúil, eolach agus bunaithe ar an bhfianaise ar an Aire, ar na hAirí Stáit agus ar an Rialtas. | Tá meas againn ar an gcaidreamh atá againn le páirtithe leasmhara, le custaiméirí agus lena chéile agus déanaimid iarracht torthaí fiúntacha a bhaint amach dár bpáirtithe leasmhara agus don tsochaí | Déanfaimid a chinntiú go n-úsáidfear airgead poiblí go héifeachtach éifeachtúil agus mar is ceart agus sinn dírithe ar thorthaí níos fearr a bhaint amach as na hacmhainní atá againn. | Aithnímid an méid a dhéanann ár mbaill foirne lenár spriocanna a bhaint amach agus chun freastal ar ár gcustaiméirí agus is mór againn an méid sin. |

# Áisitheoirí leis na Cuspóirí Straitéiseacha atá againn a bhaint amach

## (i) Comhthéacs na Státseirbhíse

### Athchóiriú agus Athnuachan I

Tá an Roinn go hiomlán tiomanta do chlár leanúnach an athraithe sa Státseirbhís ina bhfuiltear ag féachaint leis na hacmhainní a fhorbairt chun freagairt do dhúshláin reatha agus feasta agus chun feidhmíocht na Státseirbhíse agus na baill foirne inti a fheabhsú. Tá an creat le haghaidh cuid mhór den obair seo le fáil i Straitéis Athnuachana na Státseirbhíse 2030 - 'Ár mBuanna a Fhorbairt'. Tugtar achoimre sa straitéis ar fhís don Státseirbhís agus ar na hathruithe praiticiúla a theastaíonn chun Státseirbhís a fhorbairt a bheidh níos aontaithe, gairmiúla, freagrúla, oscailte agus freagraí, Státseirbhís a chuirfidh seirbhís den chéad scoth ar fáil don Stát agus do mhuintir na hÉireann sa dá theanga oifigiúla. Cuirfidh an Roinn seo príomhbhéim ar an gceannaireacht láidir agus rannpháirtíocht ghníomhach agus an clár seo á chur i bhfeidhm fad a mhairfidh an Straitéis seo.

### Nuálaíocht

Tá fás ar an tábhacht a bhaineann leis an nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí i rialtais agus in eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar fud an domhain. Tá dúshláin nach bhfacthas riamh roimh Rialtais anois. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, tuigeann na Rialtais gur gá tabhairt faoi bhealaí eile smaointeoireachta agus gur gá modhanna nuálacha a úsáid. Is iomaí forbairt shochaíoch, eacnamaíoch agus teicneolaíochta atá taobh thiar de na dúshláin seo.

Fórsa a chuir isteach ar chúrsaí is ea paindéim COVID-19, fórsa a spreag an t-athrú agus an nuáil i modhanna oibre na Státseirbhíse agus sa phlé a dhéanaimid le páirtithe leasmhara. Tógfaimid ar an méid atá foghlamtha againn ón tréimhse an-dúshlánach seo.

Díreofar go sonrach ar dheiseanna a aimsiú agus a fhorbairt chun sineirge a chothú i raon ár ngníomhaíochtaí féin agus le ranna agus gníomhaireachtaí eile an Rialtais.

## (ii) Comhthéacs na Roinne

### Athbhreithniú ar Chumas Eagrúcháin

Bhí cumas na Roinne le brath go soiléir ós rud é gur léiríodh freagrúlacht agus solúbthacht agus géarchéim COVID-19 ann. Tar éis dúinn dul i dtaithí arís ar thimpeallacht níos socraithe, bhí tacaíocht ann dár scileanna straitéiseacha agus ceannaireachta ós rud é gur cuireadh i bhfeidhm athbhreithnithe eagraíochtúla ar chumas a rinneadh roimhe. Gheofar eolas ón gclár leanúnach athchóirithe agus athnuachana ar fud na Státseirbhíse a úsáidfear agus forbairt ar bun againn maidir lenár gcumas.

### Rialachas Corparáideach Comhlachtaí agus Gníomhaireachtaí

Leanfaimid ar aghaidh leis an bplé dearfach leis na comhlachtaí agus gníomhaireachtaí atá á maoiniú tríd an Roinn, agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha eile ar fad, lenár spriocanna agus straitéisí a chur i bhfeidhm agus chun cuidiú leo a gcuspóirí féin a bhaint amach. An cuspóir foriomlán a bheidh againn ná freastal ar ár bpáirtithe leasmhara go héifeachtach agus cuntasacht, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a dheimhniú i ngach ceann dár gcláir.

Déanfaimid athbhreithniú agus monatóireacht ar fheidhmiú Chód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne ionas go gcloífear leis na caighdeáin is airde den rialachas, bainistíocht agus comhionannas sna hearnálacha a mbainimid leo.

### Páirteachas Seachtrach

Sinne atá freagrach as beartas a fhorbairt agus seirbhísí a chur ar fáil i raon réimsí a imríonn tionchar ar shaol saoránach go díreach nó sa tionchar ginearálta eacnamaíoch agus pobail a bhaineann leo. Déanfaimid seirbhísí a sholáthar ar leibhéal níos fearr agus úsáidfimid córais chuí le gur féidir linn comhairliúchán a dhéanamh agus beartas agus seirbhísí á bhforbairt. Mar sin, déanfaimid forbairt bhreise ar ár gcumas le bheith ag plé le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.

### Tionscnaimh de chuid an Oireachtais agus tionscnaimh Thras-Rialtais

Tabharfaimid tacaíocht don Aire agus do na hAirí Stáit agus iad ag plé leis an Oireachtas agus lena Choistí i dtaca le nithe atá faoi shainchúram na Roinne. Déanfaimid plé fiúntach le baill den Oireachtas ar cheisteanna a tharraingíonn siad go díreach leis an Roinn.

Tá ról lárnach againn i réimse de straitéisí agus tionscnaimh thras-Rialtais. Leanfaimid ar aghaidh leis an dlúthchomhar le Ranna agus comhlachtaí cuí. Mar chuid de sin beimid páirteach san obair a dhéanann Grúpaí Idir-Rannacha agus Coistí Aireachta agus tabharfaimid tacaíocht ina leith. Beimid ag obair chun caidreamh éifeachtach a chaomhnú le Ranna eile agus le comhlachtaí stáit chun an soláthar seirbhíse don phobal a fheabhsú.

### AE agus Idirnáisiúnta

Agus Éire chun Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a shealbhú sa dara leath de 2026, tá ullmhúcháin ar bun lena chinntiú go mbeidh an Roinn sa staid is fearr lenár gclár a bhaint amach. Tá tionchar suntasach ag reachtaíocht agus tionscnaimh AE agus idirnáisiúnta ar na beartais agus cláir a bhfuil freagracht ag an Roinn seo astu. Beimid ag leanúint ar aghaidh leis an obair lenár ngealltanas AE agus Idirnáisiúnta a bhaint amach agus leis an bplé le Ranna comhpháirteacha, le Ballstáit an AE, le Coimisiún na hEorpa, le tíortha eile agus le comhlachtaí iltaobhacha, UNESCO mar shampla, chun oibleagáidí comhchoiteanna a bhaint amach.

## Ceisteanna Trasghearrtha níos Ginearálta

### Clár an Rialtais - Ár dTodhchaí le Chéile

Tá Clár an Rialtais, Ár dTodhchaí Le Chéile, go mór chun tosaigh agus beartas á mheas don Roinn. Leagann an Clár an cúram ar an Roinn torthaí a bhaint amach a bhaineann le gealltanais éagsúla. Is gá obair a dhéanamh i gcomhar le ranna eile rialtais agus gníomhaireachtaí stáit i gcás cuid acu. Tá léiriú orthu sin sna straitéisí agus gníomhartha atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Go dtí seo, tá forás suntasach déanta ag an Roinn i ngach réimse beartais ar na gealltanais i gClár an Rialtais. Mar chuid de seo bhí pacáistí a bhí láidir agus freagrúil a chuir an Roinn ar bun dár n-earnálacha agus iad ag aistriú go dtí an saol mar a bhí tar éis na paindéime. Leanfar ar aghaidh leis an dul chun cinn ar na gealltanais seo agus beartais ann dírithe ar thacaíocht a thabhairt don téarnamh eacnamaíoch agus don acmhainneacht. San am céanna, cuirfear le folláine daoine agus pobal agus déanfar ár n-oidhreacht uathúil chultúir, teanga agus spóirt a chosaint le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

### Tionscadal Éireann 2040

Is é is Tionscadal Éireann 2040 ann straitéis fadtéarma uileghabhálach an Rialtais Éire a fhorbairt mar thír ar mhaithe le cách agus saol níos seasmhaí agus inbhuanaithe a fhorbairt don am atá le teacht. Is é is Tionscadal Éireann 2040 ann ná an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Náisiúnta Forbartha 2021-2030 curtha le chéile. Tá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála an fhís agus an straitéis lenár dtír a fhorbairt go dtí an bhliain 2040. Tugtar an infheistíocht sa Phlean Forbartha Náisiúnta leis an straitéis sin a chur i bhfeidhm.

Níltear tar éis an Plean Forbartha Náisiúnta a chur i gcrích go hiomlán mar gheall ar thréimhsí gan



saothar san earnáil foirgníochta, an boilsciú atá tagtha chun cinn chomh maith leis na héifeachtaí ar an slabhra soláthair le haghaidh ábhar tógála. Tá athbhreithniú le déanamh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus ar an gCreat Náisiúnta Pleanála in 2023. Déanfaidh an Roinn a chinntiú, má dhéantar aon leasú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, go gcuirfear san áireamh tosaíochtaí infheistíochta na Roinne don turasóireacht, cultúr, do na healaíona, don chruthaitheacht, do na meáin, don Ghaeltacht agus don Ghaeilge don tréimhse go dtí 2030. Beidh an infheistíocht inár bhForais Chultúir Náisiúnta agus inár mbonneagar turasóireachta agus spóirt fós i gcroílár ár gcláir i rith na tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise seo. Ar a bharr sin, déanfaimid a chinntiú ar bhonn leanúnach go mbeifear ag cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus ár gcláir infheistíochta á mbaint amach.

### An tAthrú Aeráide agus Gníomhú ar son na hAeráide

San Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tá leagtha amach ceanglais uaillmhianacha na hÉireann i réimse an athraithe aeráide – laghdú 51% a bhaint amach sna hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa ar fad in Éirinn ó 2021 go 2030 agus glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Cé nach bhfuil an Roinn seo freagrach as sprioc i dtaobh astaíochtaí earnála, beifear ag obair go dlúth le Ranna eile chun cur leis an iarracht náisiúnta ina hearnálacha uilig. Lena chois sin, ós rud é go bhfuil réimse leathan cúraimí ag an Roinn, beidh sí ina spreagadh chun ceist shóisialta agus chultúrtha a dhéanamh den athrú aeráide a thuigfidh daoine, forbairt atá lárnach má táthar chun aistriú na hÉireann go sochaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach.

Déanfaidh an Roinn na prionsabail a bhaineann leis an athrú aeráide a chur chun cinn inár n-earnálacha. Mar seo, mar shampla:

- Beartais nua a fhorbairt don turasóireacht agus don chultúr;
- gnéithe den athrú aeráide a neadú i scéimeanna deontais;
- cúrsaí a shocrú le go gcuirfear astaíochtaí carbóin san áireamh i dtionscadail chaipitil; agus
- níos mó saoránach a chur ar an eolas faoi cheisteanna aeráide bunaithe ar Ghníomhú Ildánach ar son na hAeráide atá molta ag Éire Ildánach.



I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ar son na haeráide, tugtar gealltanas i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 go ndéanfaidh comhlachtaí san earnáil phoiblí "ceannaireacht trí eiseamláir, trí ghníomh ar son na hAeráide a neadú mar luach lárnach ar fud na n-eagraíochtaí uile san earnáil phoiblí, ag díriú go dícheallach ar fheabhsuithe leanúnacha a sheachadann fiordhul chun cinn". Tá spriocanna agus clár gníomhartha na Roinne faoi Shainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide leagtha amach i dTreochlár bliantúil na Roinne don Ghníomhú ar son na hAeráide.

## Forbairt Inbhuanaithe

Tá fís leagtha amach i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i dtreo saol a bheidh níos sábháilte, níos cothroime, níos rathúla agus níos inbhuanaithe faoi 2030. Cuirfidh an Roinn i gcónaí le gníomhartha an Rialtais leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a neadú inár gcláir agus beartais mar atá leagtha amach sa dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta d'Éirinn 2022-2024 do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Beimid i gceannas le spriocanna faoi leith a chur i bhfeidhm faoi spriocanna forbartha inbhuanaithe, na cinn siúd faoin Turasóireacht Inbhuanaithe agus cruthú post, chomh maith leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint. Maille leis sin, beidh an Roinn mar pháirtí leasmhar i gcás gníomhartha eile a bhfuil Ranna eile i gceannas orthu, mar shampla oideachas agus eolas ar cheisteanna aeráide a fheabhsú, fiontraíocht a éascú, cruthaitheacht agus nuálaíocht i ngnólachtaí agus teacht an phobail ar eolas a dheimhniú. Glacfaidh an Roinn páirt láidir sa chur chuige uile-Rialtais atá ag teastáil chun an t-athrú ó bhonn a bhaint amach atá leagtha amach sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ionas go mbeidh saol níos fearr agus níos inbhuanaithe romhainn go léir.

## An Timpeallacht Eacnamaíoch



*Creidim Ionat, feachtas meantóireachta Fhoras na Gaeilge chun tacú leis an Ghaeilge*

I measc na ndúshlán atá roimh gheilleagar na hÉireann go dtí le gairid tá COVID-19, an Breatimeacht (plé air thíos), an cogadh sa Úcráin agus an méadú ar an gcostas maireachtála mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh den chuid is mó. Dá ainneoin sin, tá an geilleagar millteanach seasmhach. I margadh an tsaothair is mó atá an méid sin le sonrú, an ráta dífhostaíochta cóngarach don leibhéal is ísle riamh agus an líon daoine atá ag obair ar an leibhéal is airde riamh. Bíodh sin mar atá, tá rioscaí ann fós i gcás na n-earnálacha a bhfuil freagracht ag an Roinn astu ó thaobh beartais de, go háirithe mar thoradh ar an mboilsciú atá in ann dúshláin oibríochta a chur roimh eagraíochtaí agus gnólachtaí atá níos lú. In amanna fágann an boilsciú go mbíonn sé níos deacra tionscadail chaipitil a bhaint amach, mór agus beag. Déanfaidh an Roinn monatóireacht leanúnach ar an tionchar atá ag na hathruithe sa gheilleagar ar na hearnálacha a bhfuilimid ag plé leo agus beimid ag obair ar fud an Rialtais leis an tionchar sin a choinneáil faoi smacht.



## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

Shínigh Uachtarán na hÉireann Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, ar an 22ú lá de mhí na Nollag, 2021, chun dlí a dhéanamh de. Déanfar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a neartú leis an reachtaíocht nua. Aithnítear go gcuirfidh an reachtaíocht nua go suntasach le caighdeán na seirbhísí i nGaeilge a chuireann comhlachtaí stáit agus poiblí ar fáil don phobal. Is iad seo príomhchuspóirí an Achta:

- Beidh Gaeilge mhaith ag 20% acu siúd a earcófar chun na hearnála poiblí faoin 31 Nollaig 2030;
- déanfar gach seirbhís phoiblí a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht agus ar son na Gaeltachta a sholáthar trí mheán na Gaeilge;
- beidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge; agus
- Déanfar Plean Náisiúnta le haghaidh Seirbhísí Poiblí Gaeilge a fhorbairt.

Tá freagracht ar leith ag an Roinn ina thaobh seo, ach tionscnamh tras-Rialtais atá ann Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus na rialacháin a ghabhann leo a chur i bhfeidhm ina n-iomláine agus go sásúil. Tá a ról féin ag gach comhlacht Stáit agus poiblí ina leith, iad siúd atá faoi choimirce na Roinne ina measc. Tá tagairt ann d'achtú an Achta agus don sprioc earcaíochta de 20% i gClár an Rialtais. Tá gealltanas tugtha i Straitéis Athnuachana 2030 na Státseirbhíse chun an Plean Náisiúnta do Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a chur i bhfeidhm..

## An Breatimeacht

Tá an Roinn fós ag obair le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun dul i ngleic leis na dúshláin go leor atá ag teacht as cinneadh na Ríochta Aontaithe an AE a fhágáil, agus chun srian a chur leis na héifeachtaí sin ar na hearnálacha den gheilleagar atá faoi shainchúram na Roinne, mar shampla an turasóireacht agus cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Tá an Roinn ag dul i mbun an chomhair seo faoi chreat an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar 2020 idir an AE agus an RA, an Prótacal maidir le Tuaisceart Éireann, agus na réitigh phraiticiúla a leagtar amach i gCreat Windsor a tháinig ina dhiaidh. Baineann an comhar seo leis na Gníomhaireachtaí ábhartha Stáit, go háirithe an dá chomhlacht Thuaidh-Theas atá faoi choimirce na Roinne. Lena chois sin, tá an Roinn páirteach san obair a dhéanann Comhairle na Breataine-na hÉireann a cuireadh ar bun faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.



*Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe trasna an Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an Bhreatimeachta ar na hearnála den gheilleagar atá faoi chúram na Roinne cosúil leis an turasóireacht agus comhlachtaí a dtacaíonn Údarás na Gaeltachta leo*

## Ár Spriocanna a Bhaint Amach

Mar bhonn faoi na Spriocanna atá ag earnáil na Roinne tá spriocanna earnála trasghearrtha: Éagsúlacht, Ionchuimsiú Sóisialta, Rannpháirteachas iomlán éifeachtach Ban, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, an t-athrú aeráide agus úsáid níos mó a bhaint as an nGaeilge.

| **SPRIOC A**<br><br>**Tacaíocht a thabhairt chun earnáil iomaíoch Turasóireachta a fhorbairt go hinbhuanaithe agus béim ar leith ar an tacaíocht don fhorbairt i bpobail ar fud na tíre agus, san am céanna, ár dtimpeallacht agus acmhainní nádúrtha a chosaint** | | |
|---|---|---|
| **Straitéisí Ardleibhéil** | **Torthaí** | **Táscairí** |
| • Tacaíocht a thabhairt leis an turasóireacht a fhorbairt go hinbhuanaithe ar fud na tíre | • Earnáil turasóireacht atá ag fás agus a ghineann gníomhaíocht inbhuanaithe agus fostaíocht i bpobail ar fud na tíre.<br>• Bonneagar turasóireachta atá in ann freastal ar riachtanais cuairteoirí agus pobal. | • Fás sa turasóireacht.<br>• Gnólachtaí turasóireachta inbhuanaithe agus cuairteoirí an-sásta leo. |
| • Creat beartais don turasóireacht ina gcuirtear earnáil turasóireachta chun cinn a bheadh inbhuanaithe ar bhonn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch. | • Beartas turasóireachta nua ón Rialtais faoi 2023.<br>• Grúpa ceannaireachta Turasóireachta a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh le go gcuirfear an beartas nua turasóireachta i bhfeidhm. | • Plean gnímh don tréimhse 2024-2026 á fhoilsiú de bhun an bheartais nua turasóireachta.<br>• Gníomhartha tosaíochta á gcur i bhfeidhm chun forbairt inbhuanaithe sa turasóireacht a chinntiú |
| • Lucht saothair oilte a chinntiú san earnáil turasóireachta. | • Oibreoirí a bhfuil na scileanna cearta acu a bheith ar fáil ar bhonn leanúnach do ghnólachtaí turasóireachta. | • Feabhas tagtha ar thuairimí sa lucht saothair faoin turasóireacht mar rogha fadtéarma mar ghairm.<br>• Fostóirí turasóireachta páirteach i gcláir a fhéachann le scileanna agus cumas a fhorbairt. |
| • Infheistíocht i margaíocht turasóireachta chun eolas ar Éirinn agus suim inti a chaomhnú agus a fhorbairt mar cheannphointe turasóireachta thar lear agus a fhéachann le barr feabhais a bhaint amach don turasóireacht intíre. | • Éire a fhorbairt agus a chur chun cinn mar cheannphointe inbhuanaithe turasóireachta le turasóirí breisluacha a mhealladh a fhanfaidh ar feadh tréimhsí níos faide agus a imreoidh dea-thionchar ar phobail.<br>• Cláir mhargaíochta intíre atá dírithe ar an ráchairt intíre a bhrú ar fud na tíre i ngach séasúr.<br>• Cláir mhargaíochta idirnáisiúnta chun tacaíocht a thabhairt le go mbeidh teacht níos fearr ar aerfoirt agus calafoirt réigiúnacha agus nascacht níos fearr le hÉirinn ann.<br>• Tionscnaimh nua á bhforbairt arb é is aidhm dóibh cuairteoirí a mhealladh chun na hÉireann le ceiliúradh a dhéanamh ar ealaíona, cultúr agus oidhreacht na tíre. | • Ioncam ón turasóireacht thar lear a fhorbairt arís go mbeidh sé ar leibhéal 2019 faoi 2025.<br>• Méadú bliantúil a bhaint amach de réir a chéile ar an ioncam ón turasóireacht intíre go dtí 2025.<br>• Teacht níos fearr go díreach a bheith ar aerfoirt agus calafoirt réigiúnacha.<br>• Tionscnamh nua á sholáthar agus béim ar an méid atá ar fáil in Éirinn ó thaobh cultúir de. |
| • Infheistíocht i dtáirge turasóireachta a fhorbairt, gníomhaíochtaí taobh amuigh ina measc, chun cur le tarraingt intíre agus idirnáisiúnta na hÉireann mar cheannphointe inbhuanaithe. | • Forbairt ar tháirge turasóireachta na hÉireann ar an iomlán, agus aitheantas uirthi go hidirnáisiúnta mar cheannphointe ardchaighdeáin i rith na bliana sna ceantair uirbeacha agus faoin tuath.<br>• Éire aitheanta mar cheannphointe ar thús cadhnaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí taobh amuigh. | • Marcanna maithe á bhfáil ag torthaí turasóireachta ar fad na hÉireann, gníomhaíochtaí taobh amuigh san áireamh, ó thaobh tagarmharcáil chomparáideach idirnáisiúnta agus sásamh cuairteoirí de.<br>• Méadú inbhuanaithe ar ioncam ó ghníomhaíocht turasóireachta idirnáisiúnta agus intíre. |
| • Eisiúint turasóireachta in Éirinn atá iomaíoch de réir caighdeáin idirnáisiúnta. | • Roghanna beartais á nglacadh agus á gcur chun cinn leis an iomaíochas i dturasóireacht na hÉireann a fheabhsú. | • Fianaise ar dhul chun cinn san iomaíochas in earnáil na turasóireachta in Éirinn i gcomparáid le hiomaitheoirí eile. |

| SPRIOC B<br><br>**Tacú le rannpháirteachas daoine agus pobal, agus é a fhorbairt, leis na healaíona, an cultúr agus an chruthaitheacht, agus iontu, chun leas a bhaint as gníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach chun cur le saol daoine; ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn ar fud na cruinne; agus Geilleagar Oíche níos bríomhaire agus níos éagsúla a spreagadh.** | | |
|---|---|---|
| **Straitéisí Ardleibhéil** | **Torthaí** | **Táscairí** |
| • Earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir a láidriú agus tacaíocht a thabhairt le go dtiocfaidh an earnáil ar ais agus aimsir Covid-19 thart. | • Ealaíontóirí agus cruthaitheacht in Éirinn a chothú agus cur le cáil na hÉireann mar áit ina bhfuil plúr na n-ealaíontóirí. | • Na leibhéil mhaoinithe atá á gcur ar fáil don Chomhairle Ealaíon, Cultúr Éireann, Éire Ildánach agus ár bhForais Chultúrtha Náisiúnta.<br><br>• Treochlár ar Bhunioncam Uilíoch curtha i gcrích.<br><br>• Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais agus an clár tástála don Bhunioncam Uilíoch curtha i gcrích. |
| • Líonra inbhuanaithe de bhonneagar ealaíon agus cultúir a fháil agus a uasghrádú. | • Infreastruchtúr ealaíon agus cultúir feabhsaithe, le rochtain níos fearr ar spásanna oibre inacmhainne d'ealaíontóirí san áireamh. | • An méid agus an luach airgeadais a bhaineann le háiseanna lena dtacaítear faoi scéimeanna caipitil. |



| | | |
|---|---|---|
| • Clár Éire Ildánach 2023-2027 a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla | • Fás ar an eolas atá ag daoine ar na buntáistí a bhaineann leis an gcruthaitheacht.<br><br>• Deiseanna a chur ar fáil ionas gur féidir daoine triail a bhaint as bheith cruthaitheach.<br><br>• Teagmháil leis an gcruthaitheacht a úsáid chun cur le folláine daoine.<br><br>• An chruthaitheacht a normalú mar chuid de bheartas poiblí na hÉireann.<br><br>• Ealaíontóirí agus cruthaitheacht in Éirinn a chothú agus cur le cáil na hÉireann mar áit ina bhfuil plúr na n-ealaíontóirí; | • Óige Ildánach: Leis na beartais, straitéisí agus tionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ón Óige Ildánach, déantar a chinntiú go gcuirfidh an chruthaitheacht go mór le sonas, folláine agus forbairt phearsanta páistí agus daoine óga.<br><br>• Pobail Ildánacha: Leis na beartais, straitéisí agus tionscnaimh a mbíonn Pobail Ildánacha ag tacú leo, beidh teacht níos fearr ar ghníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha go háitiúil agus beidh níos mó daoine páirteach iontu. Baintear leas as an gcultúr agus cruthaitheacht chun an comhar agus an nuáil a chothú le tosaíochtaí áitiúla agus réigiúnacha beartais a shocrú agus a chumasú agus a chomhlánú agus folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch níos fearr a bhaint amach i bpobail áitiúla.<br><br>• Tionscail Ildánacha: Leis an Treochlár le haghaidh na dTionscal Ildánach, déanfar a chinntiú go mbeidh cur chuige spriocdhírithe comhtháite ann thar réimse de ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis na tionscail chruthaitheacha spriocdhírithe. |

| | | |
|---|---|---|
| | | • Sláinte agus Folláine Ildánach: Creat beartais níos comhtháite a fhorbairt chun comhoibriú a láidriú idir earnálacha na n-ealaíon, an chultúir, na cruthaitheachta, an chúraim shóisialta agus an chúraim sláinte agus chun bearta cruthaitheacha inbhuanaithe bunaithe ar an bhfianaise a sholáthar chun sláinte agus folláine daoine a fheabhsú.<br><br>• Gníomhú Ildánach ar son na hAeráide agus an Inbhuanaitheacht: Modhanna cruthaitheacha a chumhachtú don fhorbairt inbhuanaithe i leith an Athraithe Aeráide agus cur chuige níos spriocdhírithe a ghlacadh i leith na hinbhuanaitheachta sóisialta. Luachanna a chothú ina ndéantar an chothroime, an comhionannas torthaí agus an meas ar chearta gach duine a chur chun cinn. |



| | | |
|---|---|---|
| • Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs beartais agus reachtaíochta don chultúr lena chinntiú go mbeidh an beartas agus an reachtaíocht ag tacú le cearta cultúir agus daonlathas cultúir, go gcuirfear an nuálaíocht chun cinn i dtaobh saothair a bhailiú agus na bailiúcháin sin a chur i láthair, agus go gcruthófar deiseanna don rannpháirteachas tras-Rialtais maidir leis an oidhreacht chultúrtha. | • Creat polasaí agus reachtaíochta atá suas chun dáta curtha i bhfeidhm chun tacú le forbairt na n-earnálacha ealaíona agus cultúir. | • Athbhreithniú a dhéanamh ar Chultúr 2025 ionas go mbeidh sé fós ábhartha, gur féidir a bhaint amach agus go mbeidh sé ag tacú le cuspóirí beartais.<br><br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus ar reachtaíocht ábhartha eile, lena chinntiú go mbeidh siad fós ag tacú le spriocanna na bhForas Cultúir Náisiúnta chun na cuspóirí a bhaineann le beartais um inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, daonlathas cultúir, nuálaíocht, bailiú agus sealbhú a bhaint amach.<br><br>• Tacú le rannpháirteachas tras-rialtais ar réimsí coitianta spéise don oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear aisdúichiú agus tabhairt ar ais, soghluaisteacht bailiúchán, agus plé idirnáisiúnta. |
| • Ár ngníomhaireachtaí agus na Forais Chultúir Náisiúnta a láidriú chun táirgí cultúrtha ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal;<br><br>• Ár bhforais agus bailiúcháin náisiúnta a chosaint le go seasfaidh siad an aimsir ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus go mbeidh fáil ag glúnta atá le teacht orthu. | • Teacht níos fearr ar na healaíona, ar na bailiúcháin ag na Forais Chultúir Náisiúnta agus ar bhonneagar réigiúnach do na healaíona, chomh maith le leanúint ar aghaidh chun na bailiúcháin a fhorbairt agus a dhigitiú i gcomhréir le tosaíochtaí beartais. | • • Comhordú a dhéanamh ar an mbailiú sonraí ar fud na bhForas Cultúir Náisiúnta mar thacaíocht chun táscairí a fhorbairt agus chun tacú le taighde cultúrtha.<br><br>• Líon na mbailiúchán feabhsaithe agus digitithe agus na gclár taispeántais atá ar fáil agus an líon cuairteoirí atá bainte amach.<br><br>• Dul chun cinn le Clár Infheistíochta sna Forais Chultúir Náisiúnta a bhaint amach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. |

| | | |
|---|---|---|
| • Cur leis na deiseanna atá san earnáil closamhairc agus san earnáil cluichíochta in Éirinn. | • Tacaíocht chun earnáil na scannánaíochta agus na teilifíse a fhorbairt agus a leathnú.<br><br>• Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht chun go mbeidh tallann chruthaitheach ban agus tallann chruthaitheach éagsúil níos feiceálaí sa tionscal scannánaíochta – Plean sé phointe um Chomhionannas Inscne Bhord Scannán na hÉireann a chur i bhfeidhm leis sin a dhéanamh – agus sa tionscal closamhairc. | • Gníomhaíocht sa tionscal closamhairc de réir na fianaise i leibhéil láimhdeachais agus fostaíochta;<br><br>• Méadú leanúnach ar rannpháirtíocht thallann chruthaitheach na mban agus thallann chruthaitheach éagsúil i dTionscal na Scannánaíochta agus san earnáil closamhairc in Éirinn. |
| • Tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí Éireannacha trí Chultúr Éireann chun ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain;<br><br>• Na gníomhartha cultúrtha a chur i bhfeidhm bunaithe ar Éire Dhomhanda 2025. | • Deiseanna leanúnacha ionas gur féidir le healaíontóirí Éireannacha a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. | • An líon tionscadal, agus a luach airgid, ó Éirinn a fhaigheann maoiniú ó Chultúr Éireann agus an líon daoine i lucht éisteachta idirnáisiúnta atá sa tóir ar ealaíona na hÉireann;<br><br>• Níos mó deiseanna gairme ag ealaíontóirí Éireannacha agus, mar fhianaise air sin, conarthaí a fhaightear chun obair a chur i láthair go hidirnáisiúnta. |
| • Páirt a ghlacadh san AE, EOECNA agus fóraim ábhartha idirnáisiúnta eile chun beartas agus cláir a fhorbairt agus a chur chun cinn. | • Tosaíochtaí beartais na hÉireann á léiriú i mbeartais agus cláir de chuid an AE; Aitheantas níos fearr ar Choinbhinsiún 2003 EOECNA chun an Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe a Chaomhnú; | • Tosaíochtaí beartais na hÉireann á gcur san áireamh i reachtaíocht agus i gcláir de chuid an AE. |



| | | |
|---|---|---|
| | • I gcomhar leis an RTRÁO, tacaíocht a thabhairt don pháirteachas maidir le coinbhinsiúin mhóra, lena n-áirítear Coinbhinsiún 1954 na Háige chun Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleachta Armtha, Coinbhinsiún 1970 maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta de Mhaoin Chultúrtha a Thoirmeasc agus a Chosc, Coinbhinsiún UNIDROIT 1995 maidir le Réada Cultúrtha a Goideadh nó a Onnmhairíodh go Neamhdhleathach, Coinbhinsiún UNESCO 2001 maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Fo-uisce. | |
| • Deireadh Chlár comórtha ionchuimsitheach Dheich mBliana na gCuimhneachán a mhaoirsiú; le treoir ón nGrúpa Sainchomhairleach mar bhonn eolais faoi agus ionchur ón nGrúpa Comhairliúcháin Uilephäirtí maidir le hócáidí Cuimhneacháin; | • Socruithe soiléire i bhfeidhm maidir le críochnú Dheich mBliana na gCuimhneachán agus aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí cuimhneacháin atá ag dul ar aghaidh faoi láthair. | • Plean comhaontaithe do chríochnú cuí ar Chlár Dheich mBliana na gCuimhneacháin de chuid an Rialtais.<br><br>• Socruithe nua i bhfeidhm le haghaidh ghníomhaíochta cuimhneacháin amach anseo. |

| | | |
|---|---|---|
| • Deiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha a mhéadú mar chuid den Tascfhórsa Geilleagair Oíche. | • Eisiúint chultúrtha ionchuimsitheach éagsúil mar chuid den Gheilleagar Oíche. Triail bainte as smaointe nua agus iad curtha i bhfeidhm. | • Tacaíocht ann le go mbeidh deiseanna cruthaitheacha faoi bhláth sa Gheilleagar Oíche;<br>• Dul chun cinn déanta ar mholtaí sa Tuarascáil ón Tascfhórsa Geilleagair Oíche agus/nó iad curtha i gcrích. |
| • Tabhairt faoi thionscnaimh agus tionscadail ar mhaithe leis an Lucht Siúil agus na Romaigh chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach;<br>• An méid atá déanta ag mná ar son na nEalaíon agus an Chultúir a cheiliúradh, i scéimeanna cultúrtha nuálacha ar nós Ghradam Markievicz ina dtugtar tacaíocht don fhorbairt mar ealaíontóir agus chun saothar nua ealaíne a chruthú;<br>• Daoine faoi mhíchumas a chumasú le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i gcláir a bhaineann leis an gcultúr; | • Cur chun cinn comhionannais agus éagsúlachta sna healaíona, le deiseanna méadaithe le haghaidh rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha do gach saoránach.<br>• Earnáil cultúir agus chruthaitheach ísealcharbóin agus í níos inbhuanaithe<br>• Cur ar a gcumas d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta cur leis an bplé atá acu leis an bpobal faoin ngéarghá atá le hathruithe a dhéanamh ó thaobh cúrsaí aeráide, slí mhaireachtála agus iompair de;<br>• Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chruthaitheacha bunaithe go sonrach ar an nGaeilge agus iad a fhorbairt.<br>• | • Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar Scéalta na mBan a chur ar bun trí na Bailiúcháin Náisiúnta<br>• Comhar leanúnach le páirtithe leasmhara ábhartha chun bealaí a aimsiú le tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sna healaíona agus sa chultúr do dhaoine faoi mhíchumais.<br>• Creat náisiúnta beartais a fhorbairt agus a chur i gcrích maidir le cultúr, an aeráid agus an chruthaitheacht.<br>• Beartais agus tionscnaimh ghlasa a thabhairt isteach mar chuid de mhaoiniú deontais agus cineálacha tacaíochta eile don earnáil cultúir agus chruthaitheach.<br>• Méadú ar na bealaí cruthaitheacha agus nuálacha chun teagmháil a dhéanamh leis an bpobal faoin ngníomhú ar son na haeráide. |



| | | |
|---|---|---|
| • Tacaíocht a thabhairt don earnáil cultúir agus chruthaitheach sa téarnamh glas agus cuidiú a thabhairt don earnáil le gur earnáil ísealcharbóin níos inbhuanaithe a bheidh inti, na hastaíochtaí bainteacha a ísliú agus margadh dúchasach a fhorbairt le haghaidh fuascailtí don earnáil atá neamhdhíobhálach don aeráid; neamhdhíobhálach don aeráid;<br>• Gníomhaíochtaí cultúrtha a úsáid chun meas ar an nGaeilge agus úsáid na teanga a mhéadú. | | • Méadú ar an líon tionscnaimh chruthaitheacha ina n-úsáidtear an Ghaeilge. Tacaíocht leanúnach don chlár Safe to Create agus Minding Creative Minds. |
| • Creat tacaíochtaí a bheith ann lena dheimhniú go mbeidh dínit san áit oibre ag gach duine atá ag obair in earnáil na n-ealaíon, earnáil an chultúir agus san earnáil chruthaitheach. | | • Tacaíocht leanúnach don chlár Safe to Create agus Minding Creative Minds. |
| • Oileán Comhroinnte. | • Tacú le tionscnaimh ón tsochaí shibhialta, ón earnáil pobail, agus ón earnáil ealaíon agus cultúir arb é is aidhm dóibh plé forásach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn maidir le ceisteanna uile-oileáin. | |

| SPRIOC C<br><br>Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann, san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain. Úsáid na Gaeilge a normalú in oibríochtaí na Roinne féin mar eiseamláir do ghníomhaireachtaí stáit eile agus úsáid na teanga a láidriú mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht. | | |
|---|---|---|
| **Straitéisí Ardleibhéil** | **Torthaí** | **Táscairí** |
| • Leanúint ar aghaidh ar bhonn tras-rialtais chun comhordú a dhéanamh le go gcuirfear i bhfeidhm Plean Gníomhaíochta 5 Bliana an Rialtais don Ghaeilge (2018-2023) le go gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn leanúnach an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge (2010-2030). Maille leis sin, comhordú a dhéanamh le go n-ullmhófar agus go gcuirfear i bhfeidhm an chéad phlean ilbhliantúil eile chun tacú leis an straitéis.<br><br>• Leanúint ar aghaidh leis an maoirseacht ar an bpróiseas pleanála teanga i dtaca le réigiúin na Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge – mar a ndéantar sainmhíniú orthu faoi Acht na Gaeltachta, 2012, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. | • An Ghaeilge mar theanga an phobail agus an tí á láidriú níos mó i réigiúin na Gaeltachta<br><br>• Forbairt níos mó ar bhonneagar pobail agus teanga i réigiúin na Gaeltachta<br><br>• Gníomhaíocht fiontraíochta níos fearr agus deiseanna fostaíochta níos fearr i réigiúin na Gaeltachta<br><br>• Lárionaid don Ghaeilge á bhforbairt ar fud na tíre. | • Dul chun cinn intomhaiste á bhaint amach agus c. 180 gníomh á gcur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach mar atá leagtha sa Phlean Gnímh 5 Bliana don Ghaeilge; foilseofar tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ina leith siúd, agus foilseofar an chéad phlean feidhmithe ilbhliantúil eile<br><br>• An líon pleananna teanga á gcur i bhfeidhm i Limistéir Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta agus i Líonraí Gaeilge.<br><br>• An líon cainteoirí Gaeilge de réir mar a chuirtear in iúl é i nDaonáireamh 2022.<br><br>• An líon post á gcruthú agus á gcoinneáil sa Ghaeltacht. |



| | | |
|---|---|---|
| • Tacaíocht a thabhairt d'Údarás na Gaeltacht i rith an ama mar an ghníomhaireacht reachtúil ar son fhorbairt eacnamaíoch, teanga agus chultúrtha na Gaeltachta. | | • Incrimintí bliantúla aistriúcháin an AE á mbaint amach mar atá leagtha síos sa Rialachán |
| • Daoine a spreagadh le teicneolaíochtaí glasa a úsáid i ngach tionscadal nua tógála agus i ngach tionscadal caipitil iarfheistithe - an spreagadh sin ag teacht ón Roinn agus ó Údarás na Gaeltachta i réigiúin na Gaeltachta agus go náisiúnta. | • Gach leas agus is féidir á bhaint as an teicneolaíocht ghlas i dtionscadail chaipitil ábhartha.<br><br>• Úsáid níos mó as teicneolaíochtaí glasa i maoine de chuid Údarás na Gaeltachta agus i bhfoirgnimh phobail / chomharchumainn. | • Number of children from DEIS schools attending Gaeltacht summer courses.<br><br>• Number of children with new Irish backgrounds participating in Irish language activities |
| • Dul chun cinn na Gaeilge a fhí isteach in obair na rannóg Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán sa Roinn. | • Níos mó Gaeilge á húsáid ó lá go lá i rannáin na Roinne agus, dá bharr, normalú de réir a chéile ar úsáid na teanga in oibríochtaí rialta. | • Dul chun cinn in úsáid na Gaeilge san obair laethúil i rannáin na Roinne. |

| | | |
|---|---|---|
| • Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus an reachtaíocht ar fad a ghabhann leo a chur i bhfeidhm ina n-iomláine lena áirithiú go gcuirfear seirbhísí poiblí ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge ar fáil agus le go mbainfear amach an sprioc earcaíochta go mbeidh Gaeilge mhaith ag 20% acu siúd a earcófar chun na seirbhíse poiblí faoi dheireadh 2030. | • Níos mó seirbhísí poiblí á soláthar trí mheán na Gaeilge agus iad níos fearr, i gcomhréir leis na forálacha in Achtanna na dTeangacha Oifigiúla agus sa reachtaíocht a bhaineann leo, a fhágfaidh go mbeidh an pobal níos sásta leo sin agus níos muiníní astu. | • Tús á chur leis na forálacha ar fad in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, faoin spriocdháta i ndeireadh 2024, agus iad á gcur i bhfeidhm go sásúil;<br>• Plean Náisiúnta á fhoilsiú maidir le Seirbhísí Poiblí Gaeilge agus dul chun cinn intomhaiste á dhéanamh air;<br>• Caighdeáin Teanga á bhforordú i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, agus iad sin á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí;<br>• An líon earcach chun na seirbhíse poiblí a bhfuil Gaeilge acu;<br>• Torthaí ón suirbhé maidir le cumas Gaeilge na mball foirne i gcomhlachtaí poiblí, i gcomhréir leis na ceanglais in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021;<br>• An líon seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht agus ar son na Gaeltachta atá á soláthar trí mheán na Gaeilge;<br>• An líon oifigí poiblí sa Ghaeltacht atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge;<br>• An líon agus na cineálacha gearán a fhaigheann Oifig an Choimisinéara Teanga mar aon le míreanna suntais sna tráchtaireachtaí ón oifig sin go ginearálta, Tuarascálacha Bliantúla na hoifige ina measc. |





*An Ghaeltacht, Dún na nGall*

| SPRIOC D<br><br>**Níos mó rannpháirtíochta sa spórt ag cách a chur chun cinn agus béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus ar an éagsúlacht. San am céanna, infheistíocht leanúnach a dhéanamh in áiseanna spóirt nua, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus imeachtaí móra a chur os comhair an phobail.** | | |
|---|---|---|
| **Straitéisí Ardleibhéil** | **Torthaí** | **Táscairí** |
| • Méadú leanúnach a bhaint amach i rátaí rannpháirtíochta i dtreo sprioc Chlár an Rialtais, 60% den daonra, a bhaint amach faoi 2027. | • Taifead déanta den dul chun cinn chun leibhéil den rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt don phobal ar fad a mhéadú chomh maith le spriocghrúpaí, daoine faoi mhíchumas agus pobail faoi mhíbhuntáiste ina measc.<br><br>• Athbhreithniú déantar ar an ionchuimsitheacht agus rannpháirtíocht i ngach spórt maoinithe lena chinntiú nach constaicí roimh rannpháirtíocht atá san inscne, eitneachas ná cultúr.<br><br>• Polasaí agus Straitéis Mhórimeachtaí Spóirt Idirnáisiúnta a fhoilsiú, chun na mórimeachtaí spóirt ar féidir agus ar cheart dúinn tairiscint a dhéanamh orthu a aithint, ar mhaithe le rannpháirtíocht a mhéadú. | • Léiriú sna sonraí ó shuirbhé bliantúil Mhonatóir Spóirt na hÉireann go bhfuil méadú leanúnach ar an rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt.<br><br>• Leibhéal níos airde rannpháirtíochta sa spórt, go háirithe i measc na mban, i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste agus ag grúpaí eile a bhfuil leibhéil rannpháirtíochta níos ísle ag baint leo.<br><br>• Tá forás leanúnach á léiriú i sonraí ó shuirbhéanna maidir le hiompar neamhghníomhach a laghdú agus gníomhaíocht coirp a mhéadú i measc an daonra ó bhliain go bliain.<br><br>• Athbhreithniú á dhéanamh ar chláir Spórt Éireann ar bhonn leanúnach.<br><br>• Próisis shoiléire chur chun feidhme, measúnaithe, agus cinnteoireachta i bhfeidhm. |



| | | |
|---|---|---|
| • Cinntiú go bhfuil córas oscailte, trédhearcach agus éifeachtach i bhfeidhm chun tacú le háiseanna spóirt a chur ar fáil ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal réigiúnach tríd an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt. | • Níos mó áiseanna nua-aimseartha inbhuanaithe inrochtana d'ardchaighdeán le trealamh cuí atá ar fáil do gach úsáideoir. | • Leibhéal méadaithe rannpháirtíochta spóirt i measc ban, i measc grúpaí eile le rannpháirtíocht níos ísle agus i gceantair atá faoi míbhuntáiste. |
| • Cinntiú go gcríochnaíodh áiseanna atá maoiniú faighte acu cheana féin faoin Chiste d'Infreastruchtúir Spóirt ar Mhórscála (LSSIF) agus faoi Chlár Linn Snámha na nÚdarás Áitiúil (LASPP) agus, de réir mar atá maoiniú sa bhreis ar fáil, cinntiú go bhfuil córas trédhearcach agus éifeachtach i bhfeidhm chun tacú le tionscadail nua spóirt ar mhórscála. | • Tionscadail nua críochnaithe lena chuirtear áiseanna d'ardchaighdeán ar fáil le haghaidh rannpháirtíochta spóirt agus taithí cuairteoirí níos fearr do thacaithe sna hionaid. | • Leibhéal níos airde rannpháirtíochta sa spóirt agus lucht féachana níos mó ag imeachtaí sna háiseanna nua . |
| • Leanúint ar aghaidh chun an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 a chur i bhfeidhm agus na bearta tosaíochta sna Pleananna Gnímh a bhaint amach. | • Gníomhartha ón mBeartas Náisiúnta Spóirt á mbaint amach go leibhéal suntasach agus dul chun cinn á dhéanamh ar ghníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta don Spórt.<br><br>• Tacaíocht ann le haghaidh lúthchleasaithe agus foirne ardfheidhmíochta lena gcumas a bhaint amach i gcomórtais idirnáisiúnta.<br><br>• Acmhainneacht agus cumas daingnithe in earnáil an spóirt trí chéile. | • Taifead déanta den dul chun cinn i dtreo na spriocanna atá sa Bheartas Náisiúnta Spóirt a bhaint amach don rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta, don spórt ardfheidhmíochta agus don fhorbairt acmhainne in earnáil an spóirt. |

| | | |
|---|---|---|
| • Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach Champas Spórt Éireann i mBaile Bhlainséir, forbairt na dtionscadal atá i Máistirphlean an Champais san áireamh. | • Tionscadail a chur i gcrích ar an gCampas mar atá leagtha amach i Máistirphlean an Champais chun tacú le lúthchleasaithe ardfheidhmíochta barr a gcumais a bhaint amach chomh maith le háiseanna a chur ar fáil ar mhaithe leis an bpobal áitiúil.<br><br>• Maoirseacht éifeachtach ar thionscadail chaipitil ionas go mbeidh luach ar airgead ann agus go mbeifear ag cloí go hiomlán leis an gcód caiteachais phoiblí. | • Measúnú a dhéanamh ar sholáthar tionscadal agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar Mháistirphlean an Champais chun monatóireacht a dhéanamh le fáil amach ar baineadh amach na torthaí a rabhthas ag dréim leo sa spórt ardfheidhmíochta agus ó thaobh rannpháirtíochta de. |
| • Ceannaireacht a thabhairt i gceisteanna spóirt trasearnála agus in earnáil an spóirt, lena n-áirítear an comhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú, agus beartas a fhorbairt ina leith siúd.<br><br>• Spórt Éireann a éascú agus a chumasú le clár idirghabhálacha a sholáthar chun borradh a chur faoi leibhéil rannpháirtíochta i measc daoine atá faoi mhíchumas. | • Acmhainní á ndíriú ar chláir a fhéachann le dul i ngleic le neamhionannas sa rannpháirtíocht spóirt, go háirithe míbhuntáiste socheacnamaíoch.<br><br>• Plean Náisiúnta don Ghníomhaíocht Coirp athnuaite a fhoilsiú i gcomhar leis an Roinn Sláinte.<br><br>• Aitheantas cuí tugtha don spórt i straitéisí tosaíochta tras-Rialtais, lena n-áirítear inscne, ionchuimsiú, ciníochas agus leithcheal, agus téarnamh ó Covid-19. | • Feabhas ar leibhéil na gníomhaíochta á gclárú i Monatóir Spóirt na hÉireann, Suirbhé ó Éire Fholláin, suirbhéanna oifigiúla eile agus taighde foilsithe.<br><br>• Dul chun cinn á léiriú i ngach táscairí sa Bheartas ó Spórt Éireann maidir le Mná sa Spórt<br><br>• An líon beartais tras-Rialtais ina bhfuil ról tacaíochta ag earnáil an spóirt in Éirinn chun torthaí sláinte, folláine agus eile a bhaint amach ar mhaithe leis an náisiún. |





*Efrem Gidey, iomaitheoir de chuid na hÉireann i mbabhta ceannais 10,000m Chraobh na hEorpa 2022*

| | | |
|---|---|---|
| • Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cistí poiblí a chosaint agus don damáiste don chlú a bhaineann le géarchéimeanna rialachais ardphróifíle agus, dá bharr, dlús a chur le hiarrachtaí chun caighdeáin an rialachais chorparáidigh a fheabhsú in earnáil iomlán an spóirt. | • Maidir leis na cleachtais mholta sa Chód Rialachais don Spórt, iad á gcomhlíonadh agus á neadú ag gach comhlacht spóirt. | • Cuirfidh Spórt Éireann na sonraí i dtoll a chéile agus tabharfaidh tuairisc do na hAirí ar an dul cinn i ndiaidh tréimhsí socraithe chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. |
| • Cur le ról na mban sa bhainistíocht agus ceannaireacht i spórt na hÉireann. | • Tá gach comhlacht spóirt chun dul chun cinn a dhéanamh ar a bpleananna um chomhionannas inscne, cothromaíocht inscne 40% ar a laghad a bhaint amach ar a mBord faoi dheireadh 2023. Beidh impleachtaí maoinithe i gceist d'aon fhoras spóirt nach gcomhlíonann an sprioc seo faoi dheireadh 2023.<br>• Forás leanúnach chun an bhearna inscne rannpháirteachais a dhruidim agus méadú ar rannpháirtíocht na mban in eagraíochtaí spóirt ó thaobh cóitseála, maoirseachta agus ceannaireachta de.<br>• Maoiniú a mhéadú ó bhliain go bliain don chlár Mná sa Spórt atá ag Spórt Éireann.<br>• Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh le hinfheictheacht spórt na mban a leathnú, lena n-áirítear clúdach níos fearr sna meáin go náisiúnta agus go háitiúil, agus freastal níos fearr ar imeachtaí spóirt na mban. | • Clúdach níos fearr sna meáin ar spórt na mban<br>• Méadú ar mhaoiniú le haghaidh imeachtaí i spórt na mban<br>• Mná páirteach níos mó sa spórt mar thoradh ar thionscnaimh ar nós Éire ag siúl, Éire ag rothaíocht, etc. |



*Kerrie-Louise Leonard na hÉireann i ngníomh i gCluichí Parailimpeacha Tóiceo. ©INPHO/ Tommy Dickson*

**SPRIOC E**

**Tacú leis na meáin seirbhíse poiblí agus ábhar seirbhíse poiblí a sholáthar ina léireofar an éagsúlacht atá le fáil i sochaí na hÉireann; creat rialála agus forbartha ina mbeifear ag tacú le hearnáil na meán a bheidh saor, iolraíoch, éagsúil agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de; spreagadh a thabhairt chun creat láidir don tsábháilteacht ar líne agus don rialáil dhigiteach a fhorbairt in Éirinn.**

| Straitéisí Ardleibhéil | Torthaí | Táscairí |
|---|---|---|
| • Spreagadh a thabhairt chun creat láidir beartais agus reachtaíochta a fhorbairt le hardáin ar líne agus seirbhísí sna meáin a rialú. | • An Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a thrasuí ina hiomláine. | • Cóid agus rialacha maidir le sábháilteacht ar líne agus seirbhís na meán ar bun ag Coimisiún na Meán lena dtugtar trasuí iomlán.<br>• Na hacmhainní ag Coimisiún na Meán lena oibleagáidí rialála a chomhlíonadh. |
| • Maoirseacht a dhéanamh agus na moltaí ó Thodhchaí na Meán chun earnáil na meán a fhorbairt in Éirinn á gcur i bhfeidhm. | • Creat beartais feabhsaithe fadtéarma chun tacú le forbairt inbhuanaithe in earnáil na meán<br>• Earnáil na meán ina léirítear cultúr agus oidhreacht na hÉireann, an Ghaeilge san áireamh;<br>• Earnáil na meán ina gcuirtear an comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú chun cinn agus ina léirítear éagsúlacht nua-shochaí na hÉireann.<br>• Dul chun cinn i dtreo earnáil ísealcharbóin inbhuanaithe sna meáin.<br>• Cumas níos fearr chun dul i ngleic leis an mBréagaisnéis. | • Na moltaí a bhfuil glacadh leo ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta socraithe.<br>• Níos mó éagsúlachta san ionadaíocht agus rannpháirtíocht i ngach gníomhaíocht in earnáil na meán.<br>• Laghdú ar an dramhaíl agus ar na hastaíochtaí ó earnáil na meán<br>• Forbairt déanta ar Straitéis Frith-bhréagaisnéise. |
| • Dul chun cinn a dhéanamh chun an tsamhail mhaoinithe do cheadúnas teilifíse na craoltóireachta seirbhíse poiblí a athchóiriú agus creat maoirseachta cuí a fhorbairt. | • Forbairt déanta ar shamhail inbhuanaithe mhaoiniúcháin.<br>• Airgead poiblí atá ann le hábhar a sholáthar sna meáin sa tseirbhís phoiblí a riar agus a mhaoirsiú ar bhealach atá oiriúnach agus éifeachtach.<br>• Maoirseacht éifeachtach chuí ar eagraíochtaí seirbhíse poiblí sna meáin. | • Comhaontú socraithe maidir leis an leasú ar an tsamhail mhaoinithe don cheadúnas teilifíse.<br>• Dul chun cinn déanta ar bhunús reachtach faoi mhaoiniú do na meáin seirbhíse poiblí.<br>• Creat nua maoirseachta á fhorbairt i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta ón gCoimisiún um Thodhchaí na Meán. |
| • Spreagadh a thabhairt ionas go ndéanfar creat forbartha agus tacaíochta láidir a chur chun cinn chun cuidiú a thabhairt le hábhar seirbhíse poiblí a sholáthar | • Ciste agus Scéimeanna na Meán ar bun agus iad neodrach ó thaobh ardáin de.<br>• Ábhar seirbhíse poiblí ardchaighdeáin á chur ar fáil do mhuintir na hÉireann sa dá theanga oifigiúla.<br>• Dlús faoin aistriú digiteach in earnáil na meán.<br>• Earnáil bhríomhar na meán pobail a dhéanann ábhar ardchaighdeáin seirbhíse poiblí sa dá theanga oifigiúla. | • Forbairt ar bhonn beartais faoi scéimeanna nua maoinithe mar atá molta ag an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán.<br>• An ceadú riachtanach faighte chun scéimeanna reachtúla reatha a leathnú agus chun leanúint ar aghaidh leo.<br>• Acmhainní riachtanacha a sholáthar chun tacú le scéimeanna. |

| | | |
|---|---|---|
| • Tionchar a imirt ar an gcreat straitéiseach ar leibhéal na hEorpa agus ar fud an Rialtais i dtaca le beartais dhigiteacha agus beartais a bhaineann leis na meáin. | • Tacú le cur chuige uile-Rialtais i leith beartas digiteach agus beartas a bhaineann leis an meáin.<br>• Tuairimí agus tosaíochtaí Éireannacha á léiriú i bhforbairtí sa reachtaíocht san AE. | • Seasamh na hÉireann á léiriú san idirbheartaíocht faoin nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán. |
| • Tacú leis an iolrachas sna meáin agus saoirse na meán a chosaint. | • Teacht ar éagsúlacht ábhair ag an lucht féachana/éisteachta Éireannach.<br>• Go leor den iolrachas san úinéireacht in earnáil na meán. | • Cumaisc na meán á bpróiseáil go héifeachtach. |



*An tAire Catherine Martin le Cathaoirleach Feidhmiúcháin Choimisiún na Meán Jeremy Godfrey, Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne Niamh Hodnett, Coimisinéir Fhorbairt na Meán Rónán Ó Domhnaill agus Coimisinéir Craoltóireachta Celene Craig*



**SPRIOC F**

**Comhoibriú Thuaidh-Theas a chur chun cinn faoi chuimsiú Chomhaontú Aoine an Chéasta agus Thionscnamh an Rialtais um Oileán Comhroinnte, go háirithe san obair a dhéanann an Foras Teanga agus Turasóireacht Éireann.**

| Straitéisí Ardleibhéil | Torthaí | Táscairí |
|---|---|---|
| • Teagmháil leanúnach leis na Ranna i dTuaisceart Éireann chun tacaíocht a thabhairt in obair an dá Chomhlacht Thuaidh-Theas, is iad sin an Foras Teanga agus Turasóireacht Éireann.<br>• Tacú le go mbeidh méadú ar an gcomhar Thuaidh-Theas sa turasóireacht.<br>• Tacú le comhar breise trasphobail i dTuaisceart Éireann san obair a dhéanann Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise.<br>• Dul sa tóir ar dheiseanna le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann chun comhar a fhorbairt i réimsí eile a bhfuilimid freagrach astu, lena n-áirítear na healaíona, an cultúr, an oidhreacht, ócáidí comórtha agus gnóthaí tuaithe.<br>• Tacaíocht a thabhairt don chomhar Thuaidh Theas in Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh. | • Comhar níos fearr idir Turasóireacht Éireann agus ranna urraíochta Thuaidh agus Theas.<br>• Tógáil ar an gcomhar sásúil Thuaidh-Theas faoin turasóireacht; tionscnaimh faoin Oileán Comhroinnte agus PeacePlus san áireamh.<br>• An Ghaeilge agus an Ultais agus an cultúr Gaelach agus an cultúr Ultach-Albanach á gcur chun cinn go leanúnach ar fud an oileáin.<br>• Comhar trasphobail níos mó i dTuaisceart Éireann.<br>• Tacaíocht chaipitil a chur ar fáil le haghaidh tionscnaimh don Ghaeilge agus don Ultais. | • Acmhainní a bheith ar fáil don Fhoras Teanga agus d'eagraíochtaí/ gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón bhForas<br>• Cláir éifeachtacha mhargaíochta don turasóireacht uile-oileáin i margaí thar lear.<br>• Tionscnaimh thrasphobail theanga agus chultúir á bhforbairt<br>• Forbairt leanúnach ar thionscadail nua turasóireachta Thuaidh/ Theas.<br>• Leibhéal an phlé comhoibríoch i réimsí eile a bhfuil sainchúram againn ina leith.<br>• Acmhainní a bheith ar fáil don Aonad um Oileán Comhroinnte le tacaíocht a thabhairt chun tionscnaimh theanga don Ghaeilge agus don Ultais a fhorbairt. |



Oíche Chultúir na Comhairle Ealaíon



# Aguisín

## Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

### Gníomhaireachtaí Stáit atá faoi choimirce na Roinne

| An Comhlacht | An Seoladh Gréasáin |
|---|---|
| An Coimisinéir Teanga | www.coimisineir.ie |
| Údarás na Gaeltachta | www.udaras.ie |
| An Chomhairle Ealaíon | www.artscouncil.ie |
| Cartlann Náisiúnta na hÉireann | www.nationalarchives.ie |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | www.museum.ie |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | www.imma.ie |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | www.nationalgallery.ie |
| Gailearaí Crawford | www.crawfordartgallery.ie |
| An Ceoláras Náisiúnta | www.nch.ie |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | www.nli.ie |
| Chester Beatty | www.cbl.ie |
| Fís Éireann | www.screenireland.ie |
| Coimisiún na Meán | www.cnam.ie |
| Fáilte Ireland | www.failteireland.ie |
| Radio Teilifís Éireann (RTÉ) | www.rte.ie |
| Teilifís na Gaeilge (TG4) | www.tg4.ie |
| Spórt Éireann | www.sportireland.ie |

### Comhlachtaí Forfheidhmithe Trasteorann atá faoi choimirce na Roinne seo:

| An Comhlacht | An Seoladh Gréasáin |
|---|---|
| An Foras Teanga, a chuimsíonn: | www.gaeilge.ie |
| • Foras na Gaeilge | www.forasnagaeilge.ie |
| • Tha Boord o Ulstèr-Scotch | www.ulsterscotsagency.com |
| Turasóireacht Éireann | www.tourismireland.com |